C/2025/335

10.1.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11816 – OTPP / NORDIC CAPITAL XI / MAX MATTHIESSEN)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/335)

1. An 20 Nollaig 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Octavius Holdco Limited (an Ríocht Aontaithe), arna rialú ag an Ontario Teachers' Pension Plan Board ('OTPP', Ceanada),

— Nordic Capital XI, Limited ('Nordic Capital XI', Geirsí), faoi úinéireacht an ghrúpa cistí agus feithiclí Nordic Capital ('Nordic Capital', Geirsí),

— Ljo 1 AB, lena fochuideachtaí('Max Matthiessen', an tSualainn).

Gheobhaidh OTPP agus Nordic Capital rialú comhpháirteach ar Max Matthiessen ina iomláine de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Pléann OTPP, ar corparáid é atá lonnaithe i gCeanada, le riar domhanda sochar pinsin agus le hinfheistíocht dhomhanda sócmhainní plean pinsin a dhéantar thar ceann múinteoirí gníomhacha agus múinteoirí ar scor in Ontario, Ceanada,

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Nordic Capital atá lonnaithe i nGeirsí agus a dhéanann infheistíocht i gcuideachtaí meánmhéide ar fud earnálacha amhail cúram sláinte, teicneolaíocht & íocaíochtaí, seirbhísí airgeadais, agus, ar bhonn níos lú, seirbhísí tomhaltóirí agus seirbhísí tionsclaíocha agus gnó, agus díríonn sé go príomha ar an Eoraip,

— Tá Max Matthiessen gníomhach go príomha laistigh de na deighleoga bróicéireachta árachais, bainistíochta sócmhainní agus bainistíochta saibhris agus seirbhísí gaolmhara sa Danmhairg, san Iorua agus sa tSualainn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11816 – OTPP / NORDIC CAPITAL XI / MAX MATTHIESSEN

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË